*Uimhir* 3 *de* 2005

# An tAcht Sláinte (Leasú), 2005

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 3 *de* 2005

# AN tACHT SLÁINTE (LEASÚ), 2005

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Láncháilíocht.
2. Achomhairc.
3. Treoirlínte.
4. Táillí i leith seirbhísí d'othair chónaithe.
5. Seirbhís liachta agus máinliachta lia-chleachtóra ghinearálta.
6. Alt 140 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 a aisghairm.
7. Gearrtheideal agus comhlua.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht Sláinte, 1970 | 1970, Uimh. 1 |
| Na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2004 | |
| An tAcht Sláinte (Leasú), 1991 | 1991, Uimh. 15 |
| An tAcht Sláinte (Leasú), 1996 | 1996, Uimh. 15 |
| Na hAchtanna Meabhair-Shláinte, 1945 go 2001 | |
| Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh | |
| An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 | 1993, Uimh. 27 |

*Uimhir* 3 *de* 2005

**AN tACHT SLÁINTE (LEASÚ), 2005**

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA SLÁINTE, 1970 AGUS AN ACHTA LEASA SHÓISIALAIGH (COMHDHLÚTHÚ), 1993.

[11 *Márta* 2005]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**Leasaítear alt 45 den Acht Sláinte, 1970 (arna leasú leis an Acht Sláinte (Leasú), 1991)— Láncháilíocht.

(*a*) i bhfo-alt (1)(*a*) trí ", i dtuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte," a chur isteach i ndiaidh "daoine aosaithe nach bhfuil", agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Nuair a bheifear ag cinneadh an bhfuil nó nach bhfuil duine san earnáil a luaitear i bhfo-alt (1)(*a*), tabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte aird ar staid airgeadais fhoriomlán an duine (lena n-áirítear an acmhainn atá ag céile (más ann) an duine, i dteannta acmhainn an duine féin) i bhfianaise chaiteachas réasúnach an duine i ndáil leis féin nó léi féin agus lena chleithiúnaithe nó lena cleithiúnaithe, más ann.".

**2.—**Leasaítear alt 47(1) den Acht Sláinte, 1970 trí "ailt 45, 46 nó 58" a chur in ionad "ailt 45 nó 46". Achomhairc.

**3.—**Leasaítear alt 47A den Acht Sláinte, 1970 (arna leasú leis an Acht Sláinte (Leasú), 1991) trí "ailt 45, 46 agus 58" a chur in ionad "ailt 45 agus 46". Treoirlínte.

**4.—**Leasaítear alt 53 den Acht Sláinte, 1970— Táillí i leith seirbhísí d'othair chónaithe.

(*a*) i bhfo-alt (2)—

(i) trí "D'ainneoin aon ní sna hAchtanna Sláinte, 1947 go 2004, ach faoi réir fho-ailt (3), (4) agus (6), déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, rialacháin" a chur in ionad "Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh", agus

(ii) i mír (*a*), trí "dá ndéantar na seirbhísí d'othair chónaithe a sholáthar" a chur in ionad "nach daoine ag a bhfuil lán-cháilíocht",

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(3) Ní bheidh táille, a fhorchuirfear faoi rialacháin a dhéanfar faoi fho-alt (2) ar an bhfo-alt seo a achtú nó dá éis, iníoctha más rud é go ndéanfar na seirbhísí d'othair chónaithe lena mbaineann a sholáthar—

(*a*) do dhuine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois,

(*b*) do bhean i leith máithreachta,

(*c*) do dhuine a choinnítear dá ainneoin nó dá hainneoin faoi na hAchtanna Meabhair-Shláinte, 1945 go 2001,

(*d*) do dhuine—

(i) a bheidh in ospidéal chun cúram agus cóireáil a thabhairt d'othair a bhfuil mór-éalanga orthu (lena n-áirítear aon éalang shíciatrach), agus

(ii) a mbeidh gá aige nó aici le géarchúram agus géarchóireáil liachta i leith aon éalang den sórt sin,

nó

(*e*) do dhuine a bhfuil, de bhun alt 2 den Acht Sláinte (Leasú), 1996, i dtuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Heipitíteas C tolgtha aige nó aici go díreach nó go neamhdhíreach ó Fhrith-D Imdhíonghlóbailíne Daonna a úsáid nó ó tháirge fola eile nó aistriú fola a fháil laistigh den Stát.

(4) Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte táille, a fhorchuirfear ar dhuine faoi rialacháin a dhéanfar faoi fho-alt (2) ar an bhfo-alt seo a achtú nó dá éis, a laghdú nó a tharscaoileadh i gcás inarb é tuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ag féachaint d'imthosca airgeadais an duine sin (lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe ag an duine sin), gur gá déanamh amhlaidh chun cruatan airgeadais míchuí i ndáil leis an duine sin a sheachaint.

(5) D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo—

(*a*) maidir le rialacháin a dhéanfar faoi fho-alt (2) agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an bhfo-alt seo a achtú—

(i) go leanfaidh siad i bhfeidhm ar an achtú sin agus dá éis agus go bhféadfar iad a leasú nó a chúlghairm, agus

(ii) faoi réir mhír (*b*), nach mbeidh feidhm acu maidir le daoine ag a bhfuil lánchháilíocht,

agus

(*b*) go bhféadfar rialacháin den sórt sin a leasú ar an achtú sin nó dá éis ionas go mbeidh feidhm acu, go hiomlán nó go páirteach, maidir le daoine ag a bhfuil láncháilíocht.

(6) I gcás ina ndearnadh seirbhísí d'othair chónaithe a sholáthar do dhuine—

(*a*) ar feadh tréimhse nach giorra ná 30 lá, nó

(*b*) ar feadh tréimhsí nach giorra sa chomhiomlán ná 30 lá laistigh den 12 mhí roimhe sin,

ansin—

(*c*) déanfar táille, a fhorchuirfear faoi rialacháin a dhéanfar faoi fho-alt (2) ar an bhfo-alt seo a achtú nó dá éis i leith aon seirbhísí d'othair chónaithe a sholáthar anuas orthu sin don duine sin, a mhuirearú de réir ráta seachtainiúil, agus

(*d*) ní mó an ráta seachtainiúil sin ná 80 faoin gcéad d'uasmhéid ráta seachtainiúil an phinsin seanaoise (neamh-ranníocach) de réir bhrí na nAchtanna Leasa Shóisialaigh.

(7) Tosóidh tréimhse 30 lá dá dtagraítear i bhfo-alt (6) a luaithe a dhéanfar seirbhísí d'othair chónaithe a sholáthar don duine lena mbaineann, agus gan beann ar an táille dá dtagraítear san fho-alt sin gan bheith iníoctha, le linn na tréimhse sin go léir nó le linn aon chuid di, de bhua oibriú fho-alt (3) nó (4).

(8) D'ainneoin alt 51, san alt seo ní chiallaíonn 'seirbhísí d'othair chónaithe', i ndáil le haon rialacháin a dhéanfar faoi fho-alt (2) ar an bhfo-alt seo a achtú nó dá éis, na seirbhísí forais dá dtagraítear sa mhíniú ar 'seirbhísí d'othair chónaithe' in alt 51 ach amháin a mhéid gurb éard iad na seirbhísí forais sin duine a chothabháil.".

Seirbhís liachta agus máinliachta lia-chleachtóra ghinearálta.

**5.—**Leasaítear an tAcht Sláinte, 1970 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 58:

"Seirbhís liachta agus máinliachta lia-chleachtóra ghinearálta.

58.—(1) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte seirbhís liachta agus máinliachta lia-chleachtóra ghinearálta a chur ar fáil gan táille do dhuine in aon cheann de na hearnálacha seo a leanas—

(*a*) daoine ag a bhfuil láncháilíocht,

(*b*) daoine aosaithe ag a bhfuil cáilíocht theoranta, agus a mbeadh sé ródheacair dóibh, i dtuairim Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus d'ainneoin nach bhfuil siad san earnáil a luaitear in alt 45 (1)(*a*), seirbhísí liachta agus máinliachta lia-chleachtóra ghinearálta a shocrú dóibh féin agus dá gcleithiúnaithe, agus

(*c*) cleithiúnaithe na ndaoine dá dtagraítear i mír (*b*) is cleithiúnaithe a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát.

(2) Le linn breith a thabhairt i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil duine san earnáil dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(*b*), tabharfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte aird ar staid airgeadais fhoriomlán an duine (lena n-áirítear an acmhainn atá ag céile (más ann) an duine sin, i dteannta acmhainn an duine féin) i bhfianaise chaiteachas réasúnach an duine i ndáil leis féin nó léi féin agus lena chleithiúnaithe nó lena cleithiúnaithe, más ann.

(3) Déanfar, a mhéid a mheasfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte is indéanta, rogha ar lia-chleachtóir a thairiscint faoin tseirbhís liachta agus máinliachta lia-chleachtóra ghinearálta a chuirfear ar fáil faoin alt seo.”.

Alt 140 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 a aisghairm.

**6.**—Aisghairtear alt 140 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993.

Geartheideal agus comhlua.

**7.**—(1) Féadfar an tAcht Sláinte (Leasú), 2005 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2005 a ghairm de na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2004 agus den Acht seo (a mhéid a leasaítear na hAchtanna sin leis) agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Forléireofar *alt 6* agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh le chéile mar aon Acht amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 107340. 42. 8/23. MM Packaging. (93401). Gr.30-15.

9 781399 303507